## CLÁR TEAGAISC

RÉAMHRÁ ... 3
AN LUATH-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 1 ... 4
IRU11001 Old Irish Grammar A / Gramadach na Sean-Ghaeilge A ... 4
IRU11021 Old Irish Sources / Uraiceacht i bhfoinsí na Sean-Ghaeilge ... 4
IRU11041 Early Irish Sagas / Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta ... 4
IRU11002 Old Irish Grammar B / Gramadach na Sean-Ghaeilge B ... 5
IRU11032 Old Irish Prose / Uraiceacht Próis sa Luath-Ghaeilge ... 5
AN NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 1 ... 6
IRU1144Y Ceart & Labhairt na Teanga ... 6
IRU11401 Nualitríocht T1 ... 6
IRU11402 Nualitríocht T2 ... 6
IRU11422 Dán Díreach agus Scéalaíocht Chéitinn ... 6
IRU11431/2 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I ... 7
AN LUATH-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 2 ... 8
IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II ... 8
IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge ... 8
IRU22052 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta ... 8
IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge ... 9
IRU22182 Early Irish Law and Society ... 9
AN NUA-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 2 ... 10
IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga ... 10
IRU22511 Nuafhilíocht ... 10
IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis ... 10
IRU22512 Nualitríocht ... 10
IRU22432 Gaeilge na hAlban ... 11
LUATH-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 3 ... 12
IRU33001/2 Stair na Gaeilge & Meán-Ghaeilge ... 12
LUATH-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 4 ... 13
IRU44012 Pailéagrafaíocht ... 13
IRU44041 Early Irish Law / Dlíthe na Sean-Ré ... 13
IRU4401Y History of the Language / Stair na Gaeilge ... 13
IRU4402Y Middle Irish Language / Uraiceacht Meán-Ghaeilge ... 14
LUATH-GHAEILGE- MODÚIL ROGHNACHA LEIBHÉAL 3 / 4 ... 15
IRU34032 / IRU43032 Téacsanna Meán-Ghaeilge ... 15
IRU34042 / IRU43042 Filíocht na Sean-Ghaeilge ... 15
IRU34051 / IRU43051 Prós Eaglasta ... 15

IRU34061 / IRU43061 Scéalaíocht Shaolta 16
NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 3 17
IRU33401/2 Ceart agus Labhairt na Teanga 17
IRU33411/2 Gaeilge na hAlban 17
NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 4 18
IRU44012 Pailéagrafaíocht 18
IRU4440Y Ceapadóireacht 18
IRU44411 Gaeilge na hAlban 18
IRU44421 Scríbhneoireacht Chruthaitheach 19
IRU44442 Aistriúchán Gairmiúil 19
NUA-GHAEILGE – MODÚIL ROGHNACHA LEIBHÉAL 3/4 20
IRU33011 Pailéagrafaíocht 20
IRU34531 An Ghaeilge i gCló roimh an Athbheochain 20
IRU34661 Filíocht na Fiannaíochta 20
IRU34671 / IRU34681 Dán Díreach 21
IRU34831 Cúirt an Mheán Oíche 21
IRU34702 / IRU43702 Litríocht an Bhéaloidis 21
IRU34732 / IRU43732 Litríocht an Domhain 22
IRU34772 Prós na Linne (Drámaíocht) 22
IRU34782 / IRU43782 Ficsean Gearr 22
LUATH & NUA-GHAEILGE – AN TRÁCHTAS - LEIBHÉAL 4 23
IRU44CPY MIONTRÁCHTAS 23

## RÉAMHRÁ

Gheobhaidh sibh san Eolaire seo cur síos ar na modúil ar fad i Roinn na Gaeilge.

You'll find in this Directory a description of all modules in the Department of Irish.

# ROINN NA GAEILGE 2022 – 2023

## FOIREANN NA ROINNE

| | | |
|---|---|---|
| **Ollamh na Gaeilge** | Folamh | |
| **Ollamh na Luath-Ghaeilge** | An t-Ollamh (Emeritus) Damian McManus (éirithe as) | |
| **Léachtóirí** | An Dr Eoin Mac Cárthaigh (Ceann Roinne) | **Seomra 4061** |
| | An Dr Mícheál Hoyne | **Seomra 4059** |
| | An Dr Pádraig de Paor | **Seomra 4062** |
| | An Dr Jürgen Uhlich | **Seomra 4056** |
| **Léachtóirí Páirtaimseartha** | Máire Ní Bháin | **Seomra 4060** |
| | An Dr Deirdre Nic Chárthaigh | **Seomra 4060** |
| | An Dr Christina Cleary | **Seomra 4060** |
| | An Dr Eimear Connick | **Seomra 4060** |
| **Teagascóirí** | Brianán Ní Bhuachalla | **Seomra 4060** |
| | Ciara Ní Mhurchú | |
| | Emmet de Barra | |
| **Riarthóir** | Caoimhe ní Bhraonáin | **Seomra 4055** |
| | Foireann riarthóirí Scoil na dTeangacha | **Seomra 5080** |

Gheobhaidh tú eolas iomlán faoi Roinn na Gaeilge agus faoinár gcúrsaí ó Riarthóir na Roinne. Tá eolas faoin Roinn le fáil freisin ar láthair Choláiste na Tríonóide ar an idirlíon: **www.tcd.ie/Irish**

**Comhordaitheoirí**

| | | |
|---|---|---|
| Comhchéim Onóracha (TJH) | Pádraig de Paor | depaorp@tcd.ie |
| Céim Aononóracha (Luath- agus Nua-Ghaeilge) | Mícheál Hoyne | mhoyne@tcd.ie |
| Ríomhaireacht le Teanga / Léann na hEorpa | Eoin Mac Cárthaigh | emaccart@tcd.ie |
| Erasmus (isteach agus amach) | Jürgen Uhlich | uhlichc@tcd.ie |

Ar ndóigh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Riarthóir nó le comhordaitheoir an mhodúil má bhaineann do cheist le modúl ar leith.
Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne: (896)1450, r-Phost: nibhraoc@tcd.ie

*NB: Tá lárnú déanta ar an bhfoireann riaracháin agus, mura mbíonn Caoimhe i 4055, tá teacht ar an bhfoireann i Seomra 5080 agus trí rphost chuig undergraduate.sllcs@tcd.ie (nó timetables.sllcs@tcd.ie más ceist clár ama atá agat). Féadfaidh tú scríobh as Gaeilge i gcónaí.*

# AN LUATH-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 1

## IRU11001 Old Irish Grammar A / Gramadach na Sean-Ghaeilge A (5 ECTS)

**Léachtóir**: Christina Cleary **(Gramadach)** Leathbhliain 1, 2 u/ch sa tseachtain
**Teagascóir**: Brianán Ní Bhuachalla **(rang teagaisc)** Leathbhliain 1, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 66% scrúdú scríofa, 34% ceachtanna gramadaí [scrúdú 60 nóiméad mí na Nollag mar chuid de na scrúduithe oifigiúla ar Sheimeastar 1]
**Leabhair**: E. G. Quin, Old-Irish Workbook (Dublin 1975) J. Strachan and O. Bergin, Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses (Dublin 1949, srl.) A. Green Old Irish Verbs and Vocabulary (Somerville, MA, 1995)
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11001 & IRU11002 Gramadach na Sean-Ghaeilge A&B**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- Sean-Ghaeilge chlasaiceach bhunúsach a léamh agus a aistriú
- ortagrafaíocht na Sean-Ghaeilge agus an difríocht idir í agus ortagrafaíocht na Nua-Ghaeilge a thuiscint
- anailís a dhéanamh, agus leas á bhaint as an téarmaíocht chuí, ar struchtúr ghramadach abairtí bunúsacha Sean-Ghaeilge
- coincheap na 'paradaíme' a thuiscint agus leas a bhaint as in anailís ghramadaí.
- na príomhdhifríochtaí idir an tSean- agus an Nua-Ghaeilge a aithint agus a mhíniú
- na scileanna anailíse a foghlaimíodh i gcás na Sean-Ghaeilge a úsáid i gcás aon teanga eile
- gluaiseanna a úsáid i gceart

## IRU11021 Old Irish Sources / Uraiceacht i bhfoinsí na Sean-Ghaeilge (5 ECTS)

**Léachtóir**: Jürgen Uhlich. 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1
**Measúnú**: 40% Scrúdú scríofa, 60% aiste. [scrúdú ranga 45 nóiméad i Seachtain 12]
**Leabhair:** Soláthrófar liosta léitheoireachta
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11021 Uraiceacht i bhfoinsí na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- leagan bunúsach den chló Gaelach a léamh agus cur síos a dhéanamh air
- critéir éagsúla dátaithe a aithint agus iad a úsáid chun lámhscríbhinn a dhátú
- an tSean-Ghaeilge a lonnú go cruinn i gcontanam níos leithne fhorbairt agus sheachadadh na Gaeilge
- cur síos bunúsach a dhéanamh ar ionad na Gaeilge taobh istigh d'fhortheaghlach na dteangacha Ceilteacha
- an aibítir Ogam a léamh agus cur síos a dhéanamh uirthi
- saintréithe bunúsacha mheadarachtaí na Sean-Ghaeilge a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu

## IRU11041 Early Irish Sagas / Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta (5 ECTS)

**Léachtóir:** Damian McManus. 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1
**Measúnú:** 100% aiste. [SPRIOC: 9.12.2022]
**Leabhair:** Soláthrófar liosta léitheoireachta
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11041 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- na catagóirí éagsúla ina roinntear litríocht na Luath-Ghaeilge a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu

- tuiscintí éagsúla na scoláireachta nua-aimseartha i dtaobh nádúr agus fheidhm na seanscéalaíochta dúchais
- anailís a dhéanamh ar mhórghnéithe na beathaisnéise laochúla agus an teampláid sin a chur i bhfeidhm ar na scéalta a léitear
- bunteachtaireacht na scéalta a ndéantar staidéar orthu a aithint
- cur síos a dhéanamh ar thábhacht na seanscéalta do léitheoir an lae inniu
- aiste a scríobh ag baint úsáide as tagairtí líonmhara don leabharliosta lán a thugtar do gach aon seanscéal

## IRU11002 Old Irish Grammar B / Gramadach na Sean-Ghaeilge B (10 ECTS)

**Léachtóir**: Christina Cleary **(Gramadach)** Téarma 2, 2 u/ch sa tseachtain
**Teagascóir**: Brianán Ní BHuachalla **(rang teagaisc)** Téarma 2, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 66% scrúdú scríofa, 34% ceachtanna gramadaí [scrúdú 120 nóiméad mar chuid de na scrúduithe oifigiúla samhraidh ar Sheimeastar 2]
**Leabhair**: E. G. Quin, Old-Irish Workbook (Dublin 1975) J. Strachan and O. Bergin, Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses (Dublin 1949, srl.) A. Green Old Irish Verbs and Vocabulary (Somerville, MA, 1995)
**TORTHAÍ FOGHLAMA (Féach IRU11001 Gramadach na Sean-Ghaeilge A)**

## IRU11032 Old Irish Prose / Uraiceacht Próis sa Luath-Ghaeilge (5 ECTS)

**Léachtóir**: Mícheál Hoyne. Téarma 2, 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú**: 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad i Seachtain 12]
**Leabhair (Gramadach)**: E. G. Quin, Old-Irish Workbook (Dublin 1975) J. Strachan and O. Bergin, Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses (Dublin 1949, srl.) A. Green Old Irish Verbs and Vocabulary (Somerville, MA, 1995)
**Leabhair**: J. Strachan & O. Bergin Stories from the Táin (Dublin 1944, srl.) Soláthrófar fótachóipeanna de théacsanna eile.
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11032 Prós na Sean-Ghaeilge**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- scéalta próis ar a nós sin in Stories from the Táin (nó scéalta ag leibhéal ar aon dul leo sin) a aistriú go neamhspleách
- formáid na hanailíse ghramadaí a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha eile Sean-Ghaeilge taobh istigh dá leibhéal chumais
- formáid na hanailíse ghramadaí a thabhairt a chur i bhfeidhm ar fhocail Bhéarla agus ar fhocail ó theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla a úsáid i gceart

## AN NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 1

**IRU1144Y Ceart & Labhairt na Teanga** (10 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Bliain iomlán.
**Léachtóir**: Mícheál Hoyne
**Measúnú**: 60% scrúdú scríofa, 30% scrúdú béil, 10% ceachtanna gramadaí [scrúdú 120 nóiméad i dtréimhse oifigiúil scrúduithe an tsamhraidh]
NB: Tá sé fíor-thábhachtach pas a ghnóthaí sa scrúdú scríofa sa mhodúl IRU1144Y.
Leabhair: E. Ó Dónaill Gramadach Gan Stró
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU1144Y Ceart & Labhairt na Teanga:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh sealbhaithe acu ná

- bunscileanna scríbhneoireachta sa Nua-Ghaeilge
- tuiscint ar na héagsúlachtaí móra idir dul an Bhéarla agus dul na Gaeilge
- bunscileanna aistriúcháin (Ó Ghaeilge go Béarla, agus ó Bhéarla go Gaeilge)
- eolas maith ar chomhréir na Gaeilge, ar dhíochlaonadh an ainmfhocail agus ar réimniú na mbriathra
- foclóir saibhir agus stór focal leathan
- cur amach ar fhoghair agus ar fhuaimeanna aon chanúna amháin agus a gceart-úsáid ina chaint féin
- tuiscint ar rithimí nádúrtha na teanga mar atá sí á labhairt ag cainteoirí Gaeilge ó dhúchas
- muinín as a chumas labhairt as Gaeilge
- tuiscint ar thábhacht na haithrise i sealbhú teanga

**IRU11401 Nualitríocht T1** (5 ECTS) Léacht agus rang teagaisc sa tseachtain (2 u/ch), T1.
**Léachtóir**: Pádraig de Paor.
**Measúnú**: 100% Aiste. 2,000-2,500 focal. Le tabhairt isteach ar / roimh 2 Nollaig 2022.
**Téacsanna** le fógairt sa rang.
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11401 agus IRU11402 Nualitríocht T1 & T2**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- freagairt go tuisceanach agus go híogair do thacar téacsaí Gaeilge ón 20ú agus an 21ú haois.
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánraí éagsúla nualitríochta (gearrscéal, filíocht srl)
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta

**IRU11402 Nualitríocht T2** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2. (móide rang teagaisc an chéad 4 sheachtain den téarma)
**Léachtóir**: Pádraig de Paor.
**Measúnú**: 100% Aiste. 2,000-2,500 focal. Le tabhairt isteach ar/roimh 14 Aibreán 2023.
**Téacsanna** le fógairt sa rang.
**TORTHAÍ FOGHLAMA**
**Féach IRU11401 Nualitríocht T1**

**IRU11422 Dán Díreach agus Scéalaíocht Chéitinn** (5 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.
**Léachtóir**: Deirdre Nic Chárthaigh

**Measúnú**: 100% scrúdú scríofa. [scrúdú ranga 40 nóiméad i Seachtain 12: Dán Díreach] agus [scrúdú ranga 40 nóiméad i Seachtain 12: Scéalaíocht Chéitinn]
**Téacs** (Céitinn): O. Bergin (eag.): Stories from Keating's History of Ireland, Royal Irish Academy.
**Téacs** (Dán Díreach): E. Knott: Irish Syllabic Poetry, Dublin Institute for Advanced Studies.
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU11422 Dán Díreach agus Scéalaíocht Chéitinn**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- cuntas a thabhairt ar pharaiméadair na Gaeilge Clasaicí agus na Nua-Ghaeilge Moiche
- cur síos buneolasach a dhéanamh ar ról an aosa dána agus eagna le linn na tréimhse
- taitneamh tuisceanach a bhaint as téacsaí áille an Chéitinnigh
- anailís a dhéanamh ar ghramadach Ghaeilge an Chéitinnigh
- aistriúchán a dhéanamh ar na téacsaí;
- na meadarachtaí is tábhachtaí i bhfilíocht na Gaeilge Clasaicí a thuiscint.

## IRU11431/2 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain

IRU11431 – Téarma 1. IRU11432 – Téarma 2 (Léann na hEorpa amháin).
**Léachtóir**: Pádraig de Paor.
**Measúnú**: 100% aiste. 2,000-2,500 focal. Le tabhairt isteach ar/roimh 2 Nollaig 2022 nó 14 Aibreán 2023 ag brath ar an téarma.
**TORTHAÍ FOGHLAMA**
**IRU11431 Éire agus an Ghaeilge san Eoraip I**: I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- cuntas cuimsitheach a thabhairt ar stair shóisialta na Gaeilge agus na nGael ón 12ú haois go dtí an lá atá inniu ann
- tagairtí líonmhara a dhéanamh do théacsaí próis agus filíochta ó thréimhsí éagsúla a chaitheann solas ar staid agus ar sheasamh na Gaeilge agus na nGael
- labhairt go cruinn agus go críonna ar pholasaí teanga an rialtais sa chomhaimsir

# AN LUATH-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 2

**IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II** (10 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán.
**Léachtóir:** Christina Cleary (1 u/ch).
**Measúnú:** 60% scrúdú scríofa, 40% ceachtanna [Scrúdú samhraidh 120 nóiméad]
**Teagascóir**: Brianán Ní Bhuachalla **(rang teagaisc)** 1 u/ch sa tseachtain
**Leabhair:** E. G. Quin, *Old-Irish Workbook* (Dublin 1975).
J. Strachan and O. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Dublin 1949, srl.)
A. Green, *Old Irish Verbs and Vocabulary* (Somerville, MA, 1995)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- an tSean-Ghaeilge chlasaiceach ag ardleibhéal a léamh agus a aistriú
- córas casta na mbriathra a thuiscint agus a cur síos a dhéanamh air
- córas na n-athruithe tosaigh a mhíniú agus é a chur i gcomparáid lena chómhaith sa Nua-Ghaeilge
- cur síos mionchúiseach a dhéanamh ar dhíochlaonadh an ainmfhocail sa tSeanGhaeilge agus ar chóras forainmneach na Sean-Ghaeilge
- anailís ghramadaí a dhéanamh, ag baint úsáide as an téarmaíocht chuí, ar abairtí ón tSean-Ghaeilge ag ardleibhéal deacrachta
- scileanna na hanailíse gramadaí a foghlaimíodh ón staidéar ar an tSean-Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

**IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich.
**Measúnú:** 60% ceachtanna, 40% scrúdú scríofa. [scrúdú ranga 45 nóiméad i Seachtain 12]
**Leabhair:** J. Strachan & O.J. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Royal Irish Academy)
R. Thurneysen, *A Grammar of Old Irish* (DIAS)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- gluaiseanna Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair
- formáid na hanailíse gramadaí ar abairtí iomlána a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha eile Sean-Ghaeilge taobh istigh dá leibhéal chumais
- formáid na hanailíse gramadaí a chur i bhfeidhm ar fhocail Bhéarla agus ar fhocail ó theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

**IRU22052 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.
**Léachtóir:** Damian McManus.
**Measúnú:** 100% aiste [SPRIOC: 21.4.2023]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa.

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22052 Uraiceacht na Sean-Scéalaíochta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- tuiscintí éagsúla na scoláireachta nua-aimseartha i dtaobh nádúr agus fheidhm na sean-scéalaíochta dúchais a phlé go criticiúil

- plé a dhéanamh ar cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an tseanscéalaíocht córas sóisialta na haimsire sin mar a chuirtear síos uirthi sa luath-Fhéineachas
- an dioscúrsa i dtaobh ról na ríogachta sa tseanscéalaíocht a phlé agus a mhíniú
- ról na heaglaise i gcruthú na seanscéalaíochta dúchais a aithint agus a mheas
- feidhm bholscaireachta na seanscéalaíochta dúchais a mhíniú
- bandia an fhlaithis agus a rólanna iomadúla sa litríocht a aithint

## IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.

**Léachtóir:** Jürgen Uhlich.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad i seachtain 12]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- filíocht shiollach na Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair (ar aon leibhéal deacrachta léi sin a ndearnadh staidéar uirthi le linn an chúrsa)
- anailís a dhéanamh ar mheadrachtaí siollacha na Luath-Ghaeilge (aiste ríme, líon na siollaí, uaithne, aicill, uaim, rím inmheánach srl)
- leas a bhaint as torthaí na hanailíse ar mheadracht chun an dán a dhátú go teangeolaíoch
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

## IRU22182 Early Irish Law and Society (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.

**Léachtóir:** Mícheál Hoyne
**Measúnú:** 100% aiste. c.2,500 focal. Le tabhairt isteach ar/roimh 21 Aibreán 2023.
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22182 Early Irish Law and Society:** Sa mhodúl seo gheobhaidh tú cur amach

- ar chóras dlí na hÉireann sa seanré (Dlíthe na mBreithiún nó 'Brehon law')
- ar struchtúr shochaí agus institiúidí na hÉireann sa ré sin
- ar chóras dlí na hÉireann sa seanré, áit nach raibh stát lárnaithe ná an córas póilíneachta a bheadh ceangailte lena leithéid
- ar stádas na mban sa sochaí Éireannach ag an am, socruithe maidir le pósadh san áireamh
- ar struchtúir clainne agus teaghlaigh sa luath-ré
- ginearálta ar fheirmeoireacht agus ar bhia in Éirinn sa seanré
- ar chúlra agus ar nádúr na ríogachta 'shacraí' agus coincheap na 'fírinne'

This module will give you an overview of the early Irish legal system ('Brehon law'). During your course of study, you will learn about the structure of early Irish society and its institutions – in particular:

- the early Irish system of law enforcement in the absence of a centralised state and associated police force
- the status of women in early Irish society, including marriage arrangements
- early Irish family structures
- an overview of farming and food in early Ireland
- the nature and background of Irish 'sacral' kingship and the concept of 'truth'

## AN NUA-GHAEILGE - MODÚIL LEIBHÉAL 2

### IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga

(10 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán.
**Léachtóir:** Eimear Connick
**Measúnú:** 60% scrúdú scríofa, 30% scrúdú béil, 10% ceachtanna [scrúdú samhraidh: 2/3 de pháipéar ar a bhfuil Gaeilge na hAlban chomh maith: páipéar 3 u/ch]
**Leabhair:** T. de Bhaldraithe, *English-Irish Dictionary;* N. Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla Gramadach Gan Stró*

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh curtha i gcrích acu ná

- na scileanna scríbhneoireachta, a foghlaimíodh sa chéad bhliain, a bheith forbartha agus doimhnithe go mór
- tuiscint níos géire a bheith bainte amach ar na héagsúlachtaí móra idir dul an Bhéarla agus dul na Gaeilge
- scileanna aistriúcháin a bheith forbartha (Ó Ghaeilge go Béarla, agus ó Bhéarla go Gaeilge)
- eolas sármhaith ar chomhréir na Gaeilge, ar dhíochlaonadh an ainmfhocail agus ar réimniú na mbriathra
- foclóir an-saibhir agus stór focal an-leathan a bheith forbartha
- máistreacht ar fhoghair agus ar fhuaimeanna aon chanúna amháin agus a gceart-úsáid
- sárthuiscint ar an teanga mar atá sí á labhairt ag cainteoirí Gaeilge ó dhúchas
- lánmhuinín as a chumas labhairt as Gaeilge
- tuiscint ar thábhacht na haithrise i sealbhú teanga

### IRU22511 Nuafhilíocht (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.

**Léachtóir:** Pádraig de Paor.
**Measúnú:** 100% aiste. 2,000-2,500 focal. Le thabhairt isteach ar/roimh 2 Nollaig 2022.
**Leabhair:** Le fógairt sa rang

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22511 Nuafhilíocht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- saothar le filí éagsúla a mheas agus a thuiscint
- taitneamh a thabhairt do roinnt dánta agus freagairt go híogair, go tuisceanach agus go pearsanta dóibh
- dánta aonair a chur i gcomhthéacs an traidisiúin agus sainfhoclóir an chriticis a ionramháil

### IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.

**Léachtóir:** Máire Ní Bháin.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa (scrúdú ranga i S12).
**Leabhair:** S. Ó Duilearga (eag.) *Leabhar Sheáin Uí Chonaill* (Brún & Ó Nualláin). *Leabhair eile a fhógrófar sa rang*

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh sealbhaithe acu ná

- forléargas leathan ar ghnéithe iliomadacha an bhéaloidis
- tuiscint ar nádúr an tseanscéil agus ar a sheachadadh
- cumas sainmhíniú a dhéanamh ar na seánraí difriúla scéalaíochta sa bhéaloideas
- eolas údarásach ar dheasghnátha agus ar fhéiltí na bliana in Éirinn.

### IRU22512 Nualitríocht (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.

**Léachtóir:** Pádraig de Paor.
**Measúnú:** 100% aiste. 2,000-2,500 focal. Le tabhairt isteach ar / roimh 14 Aibreán 2023.
**Leabhair:** Téacsanna a ainmneofar sa rang.
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22512 Nualitríocht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh sealbhaithe acu ná

- eolas cuimsitheach ar mhórthéacs de chuid nualitríocht na Gaeilge ón 20ú / 21ú céad.
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánra áirithe amháin próis, nó le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta
- tuiscint ar ionad an téacs sa traidisiún

## IRU22432 Gaeilge na hAlban (5 ECTS) 3 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.

**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh.
**Measúnú:** 70% scrúdú scríofa, 20% ceachtanna, 10% físeán [scrúdú samhraidh: 1/3 de pháipéar ar a bhfuil Ceart agus Labhairt na Teanga: páipéar 3 u/ch]
**Leabhair:** B. Robertson & I. Taylor, *Gaelic: A complete course for beginners* (Hodder & Stoughton); seachadadh clóscríofa.
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU22432 Gaeilge na hAlban:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a aithint
- foghair agus fuaimeanna Ghaeilge na hAlban a thuiscint agus aithris a dhéanamh orthu
- bunchomhrá a bheith aige as Gaeilge na hAlban
- labhairt agus scríobh san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach (na briathra rialta ach go háirithe)
- fíorthéacsaí simplí a léamh agus a thuiscint.

# LUATH-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 3

## IRU33001/2 Stair na Gaeilge & Meán-Ghaeilge

(5 + 5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, T1 (5 ECTS) & T2 (5 ECTS))
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich (Stair na Gaeilge). **Léachtóir:** Mícheál Hoyne (Meán-Ghaeilge)
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa (50% Scrúdú Stair na Gaeilge, 50% Scrúdú Meán-Ghaeilge)
[***IRU33001***: scrúdú geimhridh x 2; 1.5 u/ch an ceann]
[***IRU33002***: scrúdú samhraidh x 2; 1.5 u/ch an ceann]
**Leabhair: (St.G.):** D. McManus, *A Guide to Ogam* (Maynooth). K. McCone, *Towards a Relative Chronology of Ancient and Medieval Celtic Sound Change* (Maynooth). P. Russell, *An Introduction to the Celtic Languages* (London/New York).
**Leabhair: (MG):** Seachadadh clóscríofa. K. McCone, *The Early Irish Verb.*
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU33001/2: (Stair na Gaeilge):-** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- cur síos mionchúiseach a dhéanamh ar struchtúr, ar fhorbairt agus ar úsáid na haibítre Ogam
- aon inscríbhinn Ogam a dhátú go teangeolaíoch
- príomhthréimhsí i bhforbairt na Luath-Ghaeilge (an Ghaeilge phrimitíveach, an Ghaeilge ársa, an Luath-SheanGhaeilge ach go háirithe) a shainmhíniú go cruinn mionchúiseach
- cuntas a thabhairt ar na príomhchlaochluithe fóineolaíocha idir na tréimhsí sin
- an t-eolas seo a chur i bhfeidhm ar fhocail ón Laidin sa tSean-Ghaeilge chun dáta na hiasachta a mheas

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU33001/2: (Meán-Ghaeilge):-** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- cuntas a thabhairt ar fhoinsí na Meán-Ghaeilge
- míniú a thabhairt ar an 'Mheán-Ghaeilge' a bheith ar fáil i lámhscríbhinní ó thréimhse na Sean-Ghaeilge
- príomhfhorbairtí na Meán-Ghaeilge, ó thaobh na foineolaíochta agus na hortagrafaíochta de, a mhíniú
- cur síos a dhéanamh ar ainmfhocal na Meán-Ghaeilge i gcodarsnacht leis an ainmfhocal sa tSean-Ghaeilge
- cur síos a dhéanamh ar agus míniú a thabhairt ar an simpliú a dhéantar sa Mheán-Ghaeilge ar chomhbhriathar na Sean-Ghaeilge

# LUATH-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 4

**IRU44012 Pailéagrafaíocht** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú samhraidh 60 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44012 Pailéagrafaíocht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go críochnúil cúramach acu, is éard bheas sealbhaithe acu ná:

- taithí leordhóthanach ar bhunfhoinsí lámhscríbhinní a léamh;
- cur amach ar thraidisiúin éagsúla na scríobhaithe;
- tuiscint ar noda agus ar ghiorrúcháin sna lámhscríbhinní;
- cumas dul i ngleic le mórán gach aon téacs faoi mar atá ina bhunchló;
- tuiscint ar shaibhreas agus ar chastacht thraidisiún na lámhscríbhinní;
- tuiscint ar an difríocht idir cultúr lámhscríofa agus cultúr clóite.

**IRU44041 Early Irish Law / Dlíthe na Sean-Ré**
(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1 **AR LÍNE**) (**ROGHA** don 4ú Bliain)
**Léachtóir:** Damian McManus. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa. F. Kelly, *A Guide to early Irish law* (DIAS)
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44041 Early Irish Law / Dlíthe na Sean-Ré:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- an téacs dlítheach *Gúbretha Caratniad* a mhíniú agus a phlé
- *Gúbretha Caratniad* a chur i gcomparáid le téacsanna níos coinbhinsiúnta de chuid dhlíthe na sean-ré
- cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar an gconspóid a bhain le breithiúnais Charatnia
- breithiúnais Charatnia a mhíníu i gcomhthéacs choinbhinsiúin dhlíthe na sean-ré
- anailís a dhéanamh ar theanga agus ar théarmaíocht *Gúbretha Caratniad*
- tábhacht lucht scríofa na ngluaiseanna, maidir le tuiscint agus seachadadh théacsanna dhlíthe na sean-ré, a mhíniú agus a phlé

**IRU4401Y History of the Language / Stair na Gaeilge**
(10 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú foirmeálta samhraidh 180 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
K. McCone, *Towards a relative chronology of ancient and medieval Celtic sound change* (Maynooth 1996)
O. Szemerényi, *Introduction to Indo-European linguistics* (Oxford 1996)
W.B. Lockwood, *Indo-European philology* (London 1969/1971)
W.B. Lockwood, *A panorama of Indo-European languages* (London 1972).
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU4401Y History of the Language / Stair na Gaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- ionad teangeolaíoch na Gaeilge taobh istigh d'fhortheaghlach na dteangacha Ceilteach a mheas agus a phlé ag ardleibhéal
- ionad na dteangacha Ceilteacha taobh istigh d'fhortheaghlach na dteangacha Ind-

eorpacha a mheas agus a phlé ag bunleibhéal
- comparáidí bunúsacha a dhéanamh idir focail Ghaeilge agus focail ghaolmhara i dteangacha Ind-Eorpacha (cuirim i gcas, sa Ghotais, sa Sean-Bhéarla srl) agus i dteangacha ársa ar nós na Laidine, na Sean-Ghréigise agus na Sanscraite.
- comparáidí níos sofaisiticiúla a dhéanamh idir focail Ghaeilge agus focail ghaolmhara sna teangacha Ceilteacha eile
- cuntas a thabhairt ar an príomhathruithe fóineolaíocha ón Ind-Eorpais go dtí an Cheiltis go dtí an tSean-Ghaeilge
- cur síos struchtúrtha a sholáthar ar roinnt áirithe paradaímeanna deilbhíochta sa Ghaeilge agus i dteangacha gaolmhara (ainmfhocail *o*-ghas and *ā*-ghas ach go príomha)
- inscríbhinní Gaillise a léamh agus a léirmhíniú

## IRU4402Y Middle Irish Language / Uraiceacht Meán-Ghaeilge

(10 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán)
**Léachtóir:** Damian McManus.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú foirmeálta samhraidh 180 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU4402Y Middle Irish Language / Uraiceacht Meán-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar
- cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar phríomhfhorbairtí na bhfoirceann pearsanta i mbriathra na Meán-Ghaeilge
- torthaí an athraithe i stádas *ro* (ó mhír réamhbhriathartha go mír chónasctha) ar chóras na mbriathra a mhíniú agus a phlé
- na príomhfhorbairtí a tháinig ar an gclásal coibhneasta agus ar chóras na bhforainmneacha sa Mheán-Ghaeilge a phlé agus a mhíniú
- cuntas a thabhairt ar shaintréithe diagnóiseacha na Meán-Ghaeilge

# LUATH-GHAEILGE- MODÚIL ROGHNACHA LEIBHÉAL 3 / 4

## IRU34032 / IRU43032 Téacsanna Meán-Ghaeilge

(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Christina Cleary.
**Measúnú:** 66% scrúdú agus 34% aiste [scrúdú ranga 45 nóiméad i S12]
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34032 / IRU43032 Téacsanna Meán-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- téacsanna roghnaithe Meán-Ghaeilge a léamh agus a aistriú óna mbunleaganacha sna lámhscríbhinní
- seachadadh téacsanna Meán-Ghaeilge ó thréimhsí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile
- saintréithe na Meán-Ghaeilge a aithint agus cuntas a thabhairt orthu
- cóipeanna difriúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid lena chéile agus argóint a dhéanamh ar son eagráin chriticiúil áirithe amháin a roghnú
- na scileanna anailíse a foghlaimíodh le linn na gcúrsaí eile a chur i bhfeidhm ar théacsanna Meán-Ghaeilge d'fhonn anailís, idir theangeolaíoch is liteartha, a sholáthar

## IRU34042 / IRU43042 Filíocht na Sean-Ghaeilge

(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad i S12]
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34042 /IRU43042 Filíocht na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- filíocht shiollach na Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair (meánleibhéal deacrachta)
- anailís a dhéanamh ar mheadarachtaí siollacha na Luath-Ghaeilge ( aiste ríme, líon na siollaí, uaithne, aicill, uaim, rím inmheánach srl)
- leas a bhaint as torthaí na hanailíse ar mheadaracht chun dán a dhátú go teangeolaíoch
- cuntas a thabhairt ar na critéir neamhtheangeolaíocha atá ann chun dán a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha na filíochta faoi staidéar agus ar a comhthéacs

## IRU34051 / IRU43051 Prós Eaglasta

(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Christina Cleary.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú ranga 45 nóiméad i S12]
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34051 / IRU43051 Prós Eaglasta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- na seánraí éagsúla den phrós eaglasta na seanlitríochta dúchais a mhíniú agus a phlé
- príomhghnéithne na naomhbheathaisnéise a mhíniú
- téacsanna deacra próis eaglasta a aistriú óna mbunleagan faoi mar atá siad sna lámhscríbhinní

- leaganacha éagsúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus argóint a dhéanamh chun roghnú aon eagráin chriticiúil áirithe amháin a chosaint
- cuntas a thabhairt ar na bunchritéir teangeolaíochta chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha agus ar chomhthéacs an téacs
- taighde neamhspleách a dhéanamh i réimse na critice téacsúla

**IRU34061 / IRU43061 Scéalaíocht Shaolta** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich.
**Measúnú:** 66% scrúdú agus 34% aiste [scrúdú ranga 45 nóiméad i S12]
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34061 / IRU43061 Scéalaíocht Shaolta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- téacsanna próis sa Luath-Ghaeilge (meánleibhéal deacrachta) a aistriú óna mbunleaganacha sna lámhscríbhinní
- leaganacha éagsúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus argóint chosanta a dhéanamh chun an rogha ar aon eagráin chriticiúil áirithe amháin a úsáid
- cuntas a thabhairt ar na critéir theangeolaíocha a úsáidtear chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar na critéir neamhtheangeolaíocha a úsáidtear chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha agus ar chomhthéacs an téacs
- taighde neamhspleách a dhéanamh i réimse na critice téacsúla

## NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 3

**IRU33401/2 Ceart agus Labhairt na Teanga** (5 + 5 ECTS, 2 u/ch sa tseachtain, T1 (5 ECTS) & T2 (5 ECTS))
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh
**Measúnú:** 60% scrúdú scríofa samhraidh, 30% scrúdú béil, 10% obair bhaile
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU33401/2 Ceart agus Labhairt na Teanga**
I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, is éard a bheidh curtha i gcrích aige (ag tógáil dó ar IRU2244Y) ná

- a scileanna scríbhneoireachta a bheith forbartha go mór
- sárthuiscint a bheith bainte amach aige ar an ghaol idir cuspóir scríbhneora, a stíl agus a lucht léitheoireachta
- scileanna cumasacha aistriúcháin a bheith forbartha aige (Ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla)
- tuiscint chríochnúil ar an aidiacht agus ar an mhír choibhneasta.

**IRU33411/2 Gaeilge na hAlban** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, T1 (5 ECTS) **nó** T2 (5 ECTS))
(Tá IRU33412 ar fáil do dhaoine a bhíonn amuigh ar Erasmus i T1)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh
**Measúnú:** 70% scrúdú scríofa samhraidh, 20% obair bhaile, 10% físeán
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU33411/12 Gaeilge na hAlban**
I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, beidh an mac léinn (ag tógáil dó ar IRU22432) ábalta ar

- na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a aithint ag leibhéal níos doimhne
- foghair agus fuaimeanna Ghaeilge na hAlban a thuiscint ar shlí níos leithne agus aithris a dhéanamh orthu ar shlí níos cumasaí
- comhrá líofa go leor a bheith aige as Gaeilge na hAlban
- labhairt agus scríobh san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh choinníollach (na briathra uilig idir rialta is neamhrialta)
- téacsaí níos dúshlánaí a léamh agus a thuiscint (litríocht agus saothar iriseoireachta san áireamh)
- nuacht an raidió a thuiscint (le treoir).

# NUA-GHAEILGE – MODÚIL LEIBHÉAL 4

**IRU44012 Pailéagrafaíocht** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh.
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú samhraidh 60 nóiméad]
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44012 Pailéagrafaíocht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go críochnúil cúramach acu, is éard bheas sealbhaithe acu ná:

- taithí leordhóthanach ar bhunfhoinsí lámhscríbhinní a léamh;
- cur amach ar thraidisiúin éagsúla na scríobhaithe;
- tuiscint ar noda agus ar ghiorrúcháin sna lámhscríbhinní;
- cumas dul i ngleic le mórán gach aon téacs faoi mar atá ina bhunchló;
- tuiscint ar shaibhreas agus ar chastacht thraidisiún na lámhscríbhinní;
- tuiscint ar an difríocht idir cultúr lámhscríofa agus cultúr clóite.

**IRU4440Y Ceapadóireacht** (10 ECTS, 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 60% scrúdú scríofa, 30% scrúdú béil, 10% measúnú leanúnach [scrúdú samhraidh 180 nóiméad]
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU4440Y Ceapadóireacht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh curtha i gcrích acu (ag tógáil dóibh ar IRU3344Y) ná

- a scileanna scríbhneoireachta a bheith forbartha go mór
- máistreacht a bheith bainte amach ar dhul na Gaeilge
- scileanna cumasacha aistriúcháin a bheith forbartha go maith (Ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla)
- tuiscint chríochnúil ghramadach agus ar chomhréir na Nua-Ghaeilge
- bunsraith mhaith a bheith leagtha síos le haghaidh slí bheatha a bhaint amach in earnáil na teanga

**IRU44411 Gaeilge na hAlban** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 70% scrúdú scríofa, 20% obair bhaile, 10% físeán [scrúdú foirmeálta Nollag 90 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa.
B. Robertson & I. Taylor, *Gaelic: A complete course for beginners* (Hodder & Stoughton)
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44411 Gaeilge na hAlban:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad, ag tógáil dóibh ar obair na tríú bliana, in ann:

- na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a aithint ag leibhéal níos doimhne fós;
- foghair agus fuaimeanna Ghaeilge na hAlban a ionramháil agus a shealbhú ar shlí níos cumasaí fos (cúrsaí reatha san áireamh);
- comhrá líofa go leor a bheith aige as Gaeilge na hAlban faoi réimse níos leithne ábhar (cúrsaí reatha san áireamh);
- téacsaí níos dúshlánaí fós a léamh agus a thuiscint (litríocht agus saothar iriseoireachta san áireamh)
- cláracha raidió a thuiscint (gan mórán cabhrach).

## IRU44421 Scríbhneoireacht Chruthaitheach (5 ECTS, 2 u/ch sa choicís, Téarma 1)

**Léachtóir:** Liam Mac Cóil. **Measúnú:** Dhá phíosa le scríobh, ceann i lár an téarma agus ceann ag deireadh an téarma. (50% & 50%)

**Leabhair:** le fógairt. **Teagasc:** Ceardlanna dhá uair an chloig sa choicís.

**CUR SÍOS:** Tá féith na scríbhneoireachta ionainn ar fad ach teacht uirthi agus í a fhorbairt. Cén duine is fearr leis an gCadhnach nó an Caitlín Maude ionat a aimsiú ná an scríbhneoir Liam Mac Cóil? Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an gcúrsa cairdiúil réchúiseach seo. Agus cá bhfios cé na mórshaothair a thiocfaidh as?

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44421 Scríbhneoireacht Chruthaitheach**

- Cuirfidh na mic léinn eolas ar a bhfuil i gceist leis an scríbhneoireacht chomhfheasach.
- Cuirfidh siad eolas ar choinbhinsiúin chomhaimseartha, ar sheánraí, agus ar chur chuige na scríbhneoireachta i nGaeilge, agus i gcoitinne, gan dearmad a dhéanamh ar an gcúlra traidisiúnta.
- Foghlaimeoidh siad faoi scileanna na dea-scríbhneoireachta ag cur san áireamh nithe mar sheánraí, stíl, agus reitric.
- Cuirfidh na mic léinn eolas ar a bhfuil i gceist le píosaí a scríobh (m.sh. prós ficseanach, prós tuairisciúil, dialóg, filíocht) agus beidh deis acu triail a bhaint astu sin uile agus iad féin a thástáil agus a chruthú sna réimsí sin.
- Cuirfear lena gcuid eolais ar a bhfuil i gceist leis an scribhneoireacht féin agus cuirfear dá réir lena dtuiscint ar an litríocht agus ar an bhfocal scríofa mar léitheoirí agus mar chriticeoirí.
- Gheobhaidh siad spléachadh ar a bhfuil i gceist le ‘bheith i do scríbhneoir.’

## IRU44442 Aistriúchán Gairmiúil (5 ECTS, 2 u/ch sa choicís, Téarma 2)

**Léachtóir:** Bríd de Staic. **Teagasc:** Ceardlanna dhá uair an chloig sa choicís le hobair ghníomhach leanúnach sa seomra ranga agus lasmuigh de.

**Measúnú:** 2 x cheacht bheaga le déanamh ag na mic léinn (2 x 25%) agus scrúdú ranga (50%)

**Leabhair:** le fógairt.

**CUR SÍOS:** Modúil a bheidh ag díriú isteach ar scileanna aistriúcháin don té a bheadh ag breathnú air mar ghairm bheatha - aistriúchán ar chineálach difriúla téacsa, agus ar mhodhanna éagsúla.

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU44442 Aistriúchán Gairmiúil:** Tar éis duit freastal ar an modúl seo agus páirt iomlán a ghlacadh ann:

- tuigfidh tú conas tabhairt faoi aistriúchán dlíthiúil;
- beidh cur amach agat ar na hacmhainní éagsúla atá ar fáil duit agus aistriúchán dlíthiúil idir lámha agat;
- beidh tuiscint agat ar chéimeanna éagsúla an phróisis aistriúcháin agus eagarthóireachta, a mhéid a bhaineann sé le reachtaíocht na hÉireann, idir Achtanna den Oireachtas agus Ionstraimí Reachtúla;
- beidh cur amach agat ar fhriotal na reachtaíochta sa Ghaeilge agus ar théarmaí dlí na Gaeilge;
- beidh ar do chumas aistriúchán cruinn Gaeilge a sholáthar ar théacs reachtaíochta Béarla agus tuigfidh tú conas teacht ar na fasaigh iomchuí;
- beidh ar do chumas anailís a dhéanamh ar aistriúchán Gaeilge ar théacs reachtaíochta Béarla chun a dheimhniú an aistriúchán cruinn ceart atá ann.

# NUA-GHAEILGE – MODÚIL ROGHNACHA LEIBHÉAL 3/4

## IRU33011 Pailéagrafaíocht (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)

**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa [scrúdú Nollag 60 nóiméad]
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU33011 Pailéagrafaíocht:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go críochnúil cúramach acu, is éard bheas sealbhaithe acu ná:

- taithí leordhóthanach ar bhunfhoinsí lámhscríbhinní a léamh;
- cur amach ar thraidisiúin éagsúla na scríobhaithe;
- tuiscint ar noda agus ar ghiorrúcháin sna lámhscríbhinní;
- cumas dul i ngleic le mórán gach aon téacs faoi mar atá ina bhunchló;
- tuiscint ar shaibhreas agus ar chastacht thraidisiún na lámhscríbhinní;
- tuiscint ar an difríocht idir cultúr lámhscríofa agus cultúr clóite.

## IRU34531 An Ghaeilge i gCló roimh an Athbheochain

(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Mícheál Hoyne. **Measúnú:** 100% measúnú leanúnach: 2 thasc @ 50% an ceann. Sonraí le tabhairt sa rang. Sprioc 4.11.22 agus 9.12.22.
**Imlíne ar an modúl (TORTHAÍ FOGHLAMA le teacht):**

> Tá an Ghaeilge le léamh i bhfoirm chlóite ón séú céad déag i leith ach tá cuid mhaith de stair na foilseoireachta Gaeilge nach bhfuil ar eolas ag pobal na teanga. Feictear an Ghaeilge i gcló don gcéad uair i leabhar taistil Sasanach ón mbliain 1542... Bhí leabhair chlóite Ghaeilge á gcur go dtí Meiriceá sa bhliain 1663... Foilsíodh paimfléad faoin nGorta Mór as Gaeilge agus é faoi lánseol... Sa chúrsa seo díreoimid ar chuid de scéal na Gaeilge i gcló ón séú céad déag anuas go dtí deireadh an naoú céad déag agus pléifimid na ceisteanna móra a eascraíonn as. Cé a chuir na leabhair seo i gcló? Cén fáth? Cad a insíonn siad dúinn faoin teanga agus lucht a labhartha?

## IRU34661 Filíocht na Fiannaíochta (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)

**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500 focal)
**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34661 Filíocht na Fiannaíochta** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- véarsaíocht na fiannaíochta a léamh agus a thuiscint
- cuntas a thabhairt ar pharaiméadair an ábhair agus ar an chomhthéacs staire inar cumadh an véarsaíocht seo
- a léiriú go bhfuil sáreolas acu ar laoithe áirithe agus buneolas ar roinnt mhaith véarsaíochta eile
- na ciútaí liteartha agus na móitífeanna is tábhachtaí a aithint
- a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta acu ar sheachadadh na filíochta seo
- a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta acu ar thaibhléiriú na filíochta seo.

## IRU34671 / IRU34681 Dán Díreach (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)

**Léachtóir:** Mícheál Hoyne. **Measúnú:** 100% measúnú leanúnach: 2 thasc @ 50% an ceann. Sonraí le tabhairt sa rang. Sprioc 4.11.22 agus 9.12.22.

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34671 / IRU34681 Dán Díreach** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, beidh sé ábalta ar

- rogha dánta sa NuaGhaeilge Chlasaiceach a léamh agus a thuiscint
- meadarachtaí na ndánta leagtha síos a thuiscint agus a mhíniú
- saintréithe na Gaeilge Clasaicí a aithint agus a phlé
- tábhacht na hoiliúna i scoileanna na mbard do ghairm na filíocht sa tréimhse a thuiscint, a mheas agus a phlé
- cuntas a thabhairt ar théamaí móra an dána dhírigh
- cur síos a dhéanamh ar nádúr an ghaoil idir an file agus a phátrúin
- dul i mbun eagarthóireachta ar théacs

## IRU34831 Cúirt an Mheán Oíche (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)

**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500 focal)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34832 Cúirt an Mheán Oíche** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- na scileanna teanga atá de dhíth chun Cúirt an Mheán Oíche agus véarsaíocht mhacasamhalach eile a léamh gan mórán dua;
- tuiscint ar mheadracht an dáin;
- tuiscint mheasartha ar an chomhthéacs stairiúil inar cumadh an dán;
- eolas maith ar bheathaisnéis an fhile;
- eolas an-mhaith focal-ar-fhocal ar an dán;
- an cumas chun na príomhthéamaí agus íomhánna a aithint agus a phlé;
- teoiric phearsanta a bheith forbartha aige faoi cén fáth ar cumadh an dán;
- scileanna ginearálta teanga, scileanna taighde agus scileanna láithrithe a bheith forbartha trí ghabháil i ngleic leis an ábhar seo.

## IRU34702 / IRU43702 Litríocht an Bhéaloidis

(5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)

**Léachtóir:** Máire Ní Bháin. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34702 / IRU43702 Litríocht an Bhéaloidis** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, beidh sé (ag tógáil dó ar IRU22421)

- ar an eolas faoin taighde scolártha i dtaobh fhorbairt an bhéaloidis
- in ann staidéar mionsonraitheach téamúil a dhéanamh ar an seanscéal traidisiúnta
- eolach faoi nósanna traidisiúnta na hÉireann faoi mar a léirítear iad sa bhéaloideas
- eolach ar shaothar na mbailitheoirí móra tábhachtacha béaloidis
- eolach ar na slite éagsúla atá ann chun teacht ar fhoinsí béaloidis, cartlann Choláiste na hOllscoile san áireamh

## IRU34732 / IRU43732 Litríocht an Domhain (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)

**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500 focal)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34732 / IRU43732 Litríocht an Domhain** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu:

- Beidh cur amach acu ar shaothair thábhachtacha de chuid litríocht an domhain atá aistrithe go Gaeilge agus é in inmhe ar thaitneamh a thabhairt do na seodaibh seo;
- Beidh cur amach acu ar na bealaí difriúla ina gcuireann aistritheoirí liteartha chuig a ngnó agus ar na slite ina gcuireann lucht critice síos ar mhodhanna éagsúla oibre sin na n-aistritheoirí;
- Beidh siad ábalta ar na ceisteanna coigilteacha seo a leanas a phlé go tomhaiste: Cad é an luach atá leis an litríocht? Cén fáth a léann daoine? Cad é an rud is nualitríocht ann? Cad é a dhéanann 'clasaic' de shaothar amháin thar saothar eile?
- Beidh an mac léinn ábalta tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde agus leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta.

## IRU34772 Prós na Linne (Drámaíocht) (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)

**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500 focal)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34771 Prós na Linne** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta, ag tógáil dóibh ar IR2052 ar

- mhionléamh  a dhéanamh ar mhórthéacs nó ar mhórthéacsaí de chuid nualitríocht na Gaeilge ón 20ú / 21ú céad
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánra áirithe amháin próis / nó le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta
- tuiscint ar ionad an téacs / na dtéacsaí sa traidisiún
- cuntas a thabhairt ar na príomhléanna a dhéantar ar nualitríocht na Gaeilge
- stíleanna, móitífeanna agus ciútaí liteartha a aithint agus a phlé ag ardleibhéal

## IRU34782 / IRU43782 Ficsean Gearr (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)

**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.2,500 focal)

**TORTHAÍ FOGHLAMA IRU34782 Ficsean Gearr** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige:

- mhionléamh  a dhéanamh ar mhórthéacs nó ar mhórthéacsaí de chuid nualitríocht na Gaeilge ón 20ú / 21ú céad
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánra áirithe amháin próis / nó le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta
- tuiscint ar ionad an téacs / na dtéacsaí sa traidisiún
- cuntas a thabhairt ar na príomhléanna a dhéantar ar nualitríocht na Gaeilge
- stíleanna, móitífeanna agus ciútaí liteartha a aithint agus a phlé ag ardleibhéal

# LUATH & NUA-GHAEILGE – AN TRÁCHTAS - LEIBHÉAL 4

## IRU44CPY MIONTRÁCHTAS

Tá ar gach iníon/mac léinn a dhéanann rogha den Nua-Ghaeilge sa cheathrú bliain miontráchtas a scríobh trí mheán na Gaeilge. Tuairim is 10,000 focal is cóir a bheith sa scríbhinn. Ní mór dóibh ball d'fhoireann teagaisc na Roinne a roghnú chun an miontráchtas a scríobh faoina stiúir agus ábhar an mhiontráchtais a aontú leis/léi, agus ní mór dóibh ainm an bhall foirne sin agus ábhar an mhiontráchtais a chur in iúl do Cheann Roinn na Gaeilge roimh lár Théarma na Féile Michíl sa cheathrú bliain.

Ní mór an miontráchtas a thabhairt isteach ar nó roimh an **Aoine 24 Márta 2023** (seachtain a 9 sa dara téarma). Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine ina dhiaidh sin agus ní ghlacfar le haiste tar éis Aoine seachtain 12 (deireadh am dara téarma teagaisc) gan cead speisialta ón gCeann Roinne. Ní mór don mhac / iníon léinn an aiste a thabhairt don Rúnaí agus foirm oifigiúil ceangailte leis. Ní féidir an tráchtas a thabhairt ar ais do na mic léinn faoin ghnáth sprioc toisc gur cuid den chéim é agus nach mór don scrúdaitheoir seachtrach a bheith in ann é a scrúdú ag scrúduithe an tsamhraidh.

## TREOIR BHREISE MAIDIR LEIS AN TRÁCHTAS:

**Fad:** 10,000 focal an treoir a leagtar síos d'fhad an tráchtais. Bheadh thart ar 500 focal ar aon leathanach (A4) clóscríofa le spásáil 1.5 ar na línte. Fiche leathanach den chineál sin mar sin a bheadh ag teastáil. Ní áirítear athfhriotal anseo.

Ní mór machnamh a dhéanamh i dtosach ar an ábhar nó ar an gcorp litríochta a bheidh á phlé agat. Nuair atá a fhios agat cad a theastaíonn uait a dhéanamh breac síos nótaí agus déan iarracht **struchtúr** a chur leis. Beidh sé seo á athrú agat agus an tráchtas á scríobh, ach ní miste sin. Is mór is fiú an obair seo a dhéanamh sula dtosaíonn tú ag scríobh. Meabhraigh: tús maith leath na hoibre!

Bíodh **tús** (réamhrá), **lár** (an corp féin) agus **deireadh** (conclúid) leis an tráchtas (chomh maith le **fonótaí** tagartha agus **leabharliosta**). Mínigh sa réamhrá cad é a chuir tú romhat a dhéanamh agus léirigh go hachomair don léitheoir cén t-ord atá curtha agat ar an ábhar i gcorp an tráchtais (caibidil 1..., caibidil 2 ... srl). Meabhraigh go bhfuil dea-thoil an léitheora (nó an scrúdaitheora) ag teastáil uait; má mhíníonn tú dó/di go beacht cad tá á dhéanamh agat, cad chuige, agus cén leagan amach atá curtha agat ar a bhfuil á rá agat beidh an dea-thoil sin agat, agus ní beag sin. Bíodh achoimriú sa chonclúid an na príomhargóintí atá déanta agat sa tráchtas.

Tá **slacht** an leagain amach tábhachtach agus ba chóir go mbeadh a bhfuil le rá agat soléite agus sothuigthe. Is é **feabhas na n-argóintí** a dhéanann tú sa tráchtas, áfach, an rud is tábhachtaí agus an rud is mó a bhfuil suim againn ann. Chuige sin ní mór duit dianmhachnamh a bheith déanta agat ar an ábhar atá idir lámha agat. Ná caill dea-thoil agus aird an léitheora ar do chuid argóintí le droch-Ghaeilge. Tá líofacht stíle tábhachtach ach níos tábhachtaí fós ná sin tá **cruinneas teanga**. Má tá botúin ann beidh marc dearg fúthu sula sroicheann an tráchtas an scrúdaitheoir seachtrach, agus bíodh is go mba mhian linn feabhas tráchtais a thomhas ar bhonn na n-argóintí, ní cheadófaí marc ard a bhronnadh ar thráchtas a bheadh breac le botúin. Bain úsáid as an ngramadach agus as an bhfoclóir. Is chuige sin atá siad ann.

Tabhair **aire don phoncaíocht**. Ní bhíonn spás roimh phoncaíocht ach ina dhiaidh; eisceacht is ea an uaschamóg a osclaíonn athfhriotal, mar seo a leanas: 'Is bocht an scéal é', dúirt sé. Díreach i ndiaidh

an fhocail roimhe, gan spás, a thagann an chamóg (,), an t-idirstad (;), an leathstad (:) agus an lánstad (.).

Múch an clár sa ríomhaire a cheartaíonn uaidh féin an rud a scríobhann tú  ('self-correct'). Muna ndéanann tú é sin beidh I in áit i agat ar fud na háite, agus is fuath le gach uile scrúdaitheoir a leithéid.

Bíodh córas amháin agat le **tagairtí** a dhéanamh d'obair daoine/scoláirí eile. An córas is fearr ná 'sloinne + dáta + leathanach' agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh an tráchtais. Seo sampla dá leithéid:

Mar seo a leanas a mhíníonn Eoin Mac Cárthaigh an forás sin sa Ghaeilge Chlasaiceach: 'Blah, blah, blah',  (Mac Cárthaigh, 2003, 135-6).

Sa liosta leabhar beidh sé seo:

Mac Cárthaigh, E. (2003): 'Lúireach Chríosd fan gCalbhach Ruadh', *Celtica* 24, 130-9.

Bain úsáid as **fonótaí** nó nótaí deiridh ('footnotes/endnotes' sa ríomhaire) chun tagairtí a chur ar fáil. Is fearr i bhfad é sin ná iad a bheith i gcorp an tráchtais. Leag amach an **leabharliosta** in ord aibítreach de réir shloinnte na n-údar.

Meabhraigh nach miste úsáid a bhaint as **tuairimí scoláirí eile** má thugann tú le fios cé leis iad (féach thuas), ach ná bíodh an tráchtas breac leo. Ba chóir d'aon athfhriotal a bheith **ina chuid d'argóint**, bíodh tú ag tacú leis nó ag diúltú dó nó á úsáid mar shampla. Ná bíodh an t-athfhriotal ina dhílleachta san alt. Abair rud éigin faoi nó figh isteach san argóint é. Más gá, aistrigh é. Ná déan **bradaíl** ar thuairimí scoláire eile. Níl aon rogha ag an Roinn ach a leithéid a chur ara shúile don léachtóir sinsearach. Is ionann bradaíl sa saol scolártha agus gadaíocht, agus leanann pionós é.

Léigh an tráchtas ar fad nuair atá sé scríofa agat agus ceartaigh aon bhotún a fheiceann tú ann. Bí ag faire amach don athrá freisin. Is minic a leithéid ag sleamhnú isteach i ngan fhios dúinn. Má tá **aistriúchán** déanta agat léigh go cúramach é. Ba chóir go mbeadh sé intuigthe gan aon tagairt don bhuntéacs. Muna bhfuil, níl éirithe leat é a aistriú.

**Ná bíodh aon eagla ort roimh thráchtas**. Aiste fhada atá ann agus tá taithí agat cheana ar aistí a scríobh. Céad marc atá ag dul don tráchtas as 1,000 san iomlán; 650 sa cheathrú bliain agus 350 sa tríú bliain. Is tábhachtaí i bhfad na scrúduithe ó thaobh marcanna de ach is scoláireacht de chineál eile ar fad an tráchtas a thugann deis duit a thaispeáint a fheabhas agus atá tú gan strus na scrúduithe ag cur isteach ort. **Bain taitneamh as!**